

27 Leithdháileadh leapacha géarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha aosacha

- 27.1** Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na leapacha géarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha aosacha in Éirinn le 40 bliain anuas. Ba thoradh é sin ar chinneadh comhfhiúchán atá ag teacht le cuspóir beartais aistriú amach ó institiúidí meabhairshláinte i dtreo seirbhísí níos pobalbhunaithe don mheabhairshláinte.
- 27.2** Le *Fís don Athrú*, beartas náisiúnta meabhairshláinte na hÉireann a foilsíodh in 2006, samhláíodh go ndéanfaí an gá daoine a chur in ospidéal a laghdú trí sheirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe feabhsaithe a sholáthar.¹ Cé gur aithníodh sa bheartas go mbeidh gá i gcónaí le seirbhís chun daoine a chur in ospidéal ghéarmhíochaine i gcás daoine a dteastaíonn idirghabháil phráinneach uathu, moladh leis soláthar na seirbhíse meabhairshláinte i bpobail áitiúla a mhéadú. Moladh sa bheartas gur cheart plan a fhorbairt chun dúnadh na n-ospidéal meabhairshláinte uile a chur i gcrích agus acmhainní a thagann as dúnadh na n-ospidéal sin a infheistiú arís sa tseirbhís meabhairshláinte. Tá an cur chuige sin ar aon dul leis an gcuspóir straitéiseach i gclár 2017 Sláintecare chun seirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a chomhtháthú ar leibhéal an phobail (féach Fíor 27.1).
- 27.3** Is é *Comhfhiúchán*, a foilsíodh in 2020, an beartas meabhairshláinte deich mbliana reatha.² Sa bheartas, moltar cur chuige planála ar bhonn daonra chun leithdháileadh agus forbairt seirbhísí agus tacaíochtaí meabhairshláinte in Éirinn a threorú mar fhreagairt ar riachtanas. Tá 100 moladh sa bheartas le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte na hÉireann a fhorbairt a bheidh le cur i gcrích thar thréimhse deich mbliana go 2030. Tá sé dírithe ar shraith iomlán seirbhísí a chur in ord tosaíochta agus a fhorbairt a bheidh le hoibriú in éineacht le géarchúram d'othair chónaitheacha.
- 27.4** Tá sé mar ardaídh leis an mbeartas meabhairshláinte reatha an cúram ceart a chur ar fáil san áit cheart ag an am ceart. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí meabhairshláinte a fheabhsú thar chontanam leathan, idir chur chun cinn na meabhairshláinte, chosc agus luath-idirghabháil agus seirbhís géarmhíochaine agus speisialaithe meabhairshláinte a sholáthar.

Rudaí a ndírítear orthu sa scrúdú seo

- 27.5** Tá an tuarascáil seo dírithe ar leapacha ginearálta i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha aosacha a mhaoinítear as cistí poiblí. Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- an dóigh a bhfuil líon agus láthair reatha leapacha ginearálta i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha aosacha atá cláraithe le FSS ag teacht le dáileadh daonra agus cé acu atá nó nach bhfuil spriocanna gaolmhara á mbaint amach
- infhaighteacht seirbhísí pobalbhunaithe.

¹ *Fís don Athrú: Tuarascáil an tsainghrúpa maidir le beartas meabhairshláinte* (2006).

² *Comhfhiúchán: Beartas Meabhairshláinte do Chách* (2020).

Fíor 27.1 Athstruchtúrú laistigh den chóras cúraim sláinte

I *dTuarascáil Sláintecare*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017, leagtar amach clár deich mbliana atá deartha chun córas sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a athchóiriú.³ Bhí sé beartaithe ag Sláintecare go mbeadh príomhról straitéiseach ag 'lárionad náisiúnta' de chuid FSS maidir le formhaoirseacht náisiúnta a chur ar fáil ar na réigiúin agus ar an gcóras foriomlán sláinte agus cúraim shóisialta, agus é ag díriú go príomha ar phleanáil, ar chumasú, ar fheidhmíocht agus ar dhearbhu.

Cuid den chlár oibre faoi Sláintecare ná réigiúin sláinte a chur chun feidhme. Is é atá beartaithe leis sin ná atheagrú FSS ina shé réigiún oibríochtúla. Tá freagracht ar gach réigiún sláinte as soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a phleanáil agus a chomhordú laistigh de limistéar geografach ainmnithe.

Faoi atheagrú sin, rinneadh freagracht agus údarás as mórchuid na seirbhísí a sholáthar a chineadh do na sé réigiún. Tá na réigiúin sláinte cuntasach agus freagrach as riachtanais a ndaonraí réigiúnacha agus áitiúla a thuiscint. Cuirtear an struchtúr sin in áit an struchtúir roimhe seo ina raibh grúpaí ospidéal agus eagraíochtaí cúraim sláinte pobail.

Cruthaíodh limistéir cúraim sláinte chomhtháite (IHanna) laistigh de gach ceann de na sé réigiún sláinte. Maidir le gach IHA, tugtar limistéir gheografacha, méideanna daonraí, agus riachtanais agus seirbhísí áitiúla éagsúla san áireamh. Tá líonraí cúraim sláinte agus sainfoirne pobail iomadúla cuimsithe iontu.

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta: a [An Coiste um Chúram Sláinte sa Todhchaí: Tuarascáil Sláintecare](#) (2017)

Seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha

27.6 Cuirtear daoine san ospidéal mar othair chónaitheacha nuair a dheimhnítear nach féidir cóir leighis a thabhairt do dhuine sa bhaile maidir lena riachtanais um ghéarchúram meabhairshláinte m.sh. do dhaoine a bhfuil dúlagar trom nó síocóis orthu. Úsáidtear leapacha géarchúraim d'othair chónaitheacha sa ghearrthearma le haghaidh cuspóir ar leith. Baintear úsáid as cineálacha eile leapacha meabhairshláinte — amhail leapacha cúraim leanúnaigh — le haghaidh cuspóirí éagsúla, lena n-áirítear le freastal ar dhaoine a dteastaíonn cúram níos fadtéarmaí uathu.

27.7 Is é an Coimisiún Meabhair-Shláinte (MHC) a rialálann seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha ar fud na hÉireann. Éilítear ar gach saoráid phoiblí agus phríobháideach d'othair chónaitheacha a chuireann cúram agus cóir leighis ar fáil do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu clárú le MHC mar lárionad ceadaithe.³ Mar chuid den chlárú, éilítear ar shaoráidí éagsúlacht faisnéise a chur ar fáil lena n-áirítear sonraí faoin áitreabh, faoi líon na leapacha d'othair chónaitheacha, agus faoi chineál na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

27.8 Is féidir seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha a sholáthar trí raon cineálacha éagsúla leapacha, ag brath ar riachtanas cliniciúil an othair (féach Fíor 27.2).

³ Is ionann lárionad ceadaithe agus ospidéal nó saoráid eile d'othair chónaitheacha le haghaidh cúram agus cóir leighis a thabhairt do dhaoine a bhfuil meabhairghalar nó neamhord meabhrach orthu.

Fíor 27.2 Cineálacha leapacha meabhairshláinte

Catagóir na leapa	Cur síos
Géar-mheabhairshláinte aosach	Cúram d'othair chónaitheacha aosacha a bhfuil deacrachtaí géar-mheabhairshláinte acu. Do dhaoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine.
Meabhairshláinte leanaí agus ógánach	Cúram d'othair chónaitheacha do leanaí agus d'ógánaigh atá faoi 18 mbliana d'aois.
Cúram meabhairshláinte leanúnach	Cúram fadtéarma do dhaoine a bhfuil riachtanais ainsealacha nó leanúnacha meabhairshláinte acu.
Cúram meabhairshláinte fóiréinseach	Seirbhísí speisialaithe do dhaoine a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais, a bhfuil dúshlán amhrasacha nó dheimhnithe meabhairshláinte acu.
Cúram meabhairshláinte do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil orthu	Cúram speisialaithe do dhaoine a bhfuil riachtanais meabhairshláinte acu agus a bhfuil míchumas intleachtúil orthu freisin.
Athshlánú meabhairshláinte	Aonaid d'othair chónaitheacha atá dírithe ar chuidiú le daoine a neamhspleáchas a fháil ar ais.
Síciatracht do thréimhse dhéanach an tsaoil	Cúram speisialaithe do dhaoine atá os cionn 65 bliain d'aois de ghnáth.
Seirbhísí speisialaithe um neamhoird itheacháin	Cúram agus cóir leighis speisialaithe do dhaoine a bhfuil neamhoird itheacháin ag gabháil dóibh.
Áiteanna cónaithe ina dtugtar tacaíocht ard, mheánmhéide agus íseal sa phobal	Seirbhísí cónaitheacha pobalbhunaithe athshlánaithe agus téarnaimh.

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 27.9** Amhail mí Mheán Fómhair 2026, bhí 2,589 leaba meabhairshláinte d'othair chónaitheacha i lárionaid cheadaithe a bhí cláraithe le MHC. Áirítear leis an bhfigiúr sin leapacha poiblí agus príobháideacha agus cineálacha éagsúla leapacha. Tá dualgas ar lárionaid cheadaithe athruithe ar bith ar a n-acmhainn oibríochtúil leapacha a chur in iúl do MHC.

Spríocanna leapacha

- 27.10** Sa bheartas *Fís don Athrú* (2006) leagadh amach sprioc de 50 leaba i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte in aghaidh daonra 300,000 duine. Rinneadh an sprioc de 50 leaba a mhiondealú faoi chineál na leapa lenar áiríodh leapacha ginearálta d'aoisigh, leapacha na síciatrachta do thréimhse dhéanach an tsaoil agus leapacha do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil orthu (féach larscríbhinn 27A le haghaidh miondealú iomlán). Rinneadh soláthar breise do riachtanais eile lenar áiríodh áras géarchéime amháin ina bhfuil deich n-áit in aghaidh daonra 300,000 agus aonad amháin ina bhfuil 30 leaba in aghaidh daonra 300,000 le haghaidh cúram leanúnach do dhaoine scothaosta.

27.11 Bunaíodh Comhchoiste an Oireachtais um Chúram Meabhairshláinte sa Toghchái (an Comhchoiste) in 2017 chun teacht ar chomhaontú maidir le físhadéarmach amháin do chúram meabhairshláinte agus do threo bheartas na meabhairshláinte in Éirinn. Rinne sé scrúdú ar sholáthar seirbhísí meabhairshláinte i gcomhthéacs chur chun feidhme *Fís don Athrú*.

27.12 Sa tuarascáil deiridh de chuid an Chomhchoiste i nDeireadh Fómhair 2018, moladh sprioc de 50 leaba i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte in aghaidh daonra 100,000, i.e., trí oiread an lín sprice in *Fís don Athrú*.⁴ Bhí an sprioc a bhí molta ag an gComhchoiste bunaithe ar acmhainn leapacha poiblí agus leapacha príobháideacha araon agus ní dhearnadh í a mhiondealú i gcineálacha éagsúla leapacha. Moladh sa tuarascáil gur cheart an sprioc a bhaint amach faoi dheireadh 2021.

27.13 Níl spriocanna ar leith ar bith leagtha síos in *Comhfhís* (2020) maidir le hacmhainn leapacha géarmhíochaine d'othair chónaitheacha ach áirítear leis roinnt moltaí sa réimse sin.⁵ Tugtar faoi deara ann gur gá leordhóthanacht líon na leapacha géarmhíochaine d'othair chónaitheacha a chur san áireamh a chuirtear ar fáil don daonra aosach ginearálta agus don daonra aosach scothaosta. Aithnítear ann gur cheart infhaighteacht sainleapacha eile agus roghanna eile ar chúram d'othair chónaitheacha a chur san áireamh i measúnú ar bith ar acmhainn leapacha. Tá sé ráite inti gur cheart díriú ar shraith iomlán seirbhísí a oibreofar in éineacht le géarchúram d'othair chónaitheacha agus ansin smaoineamh ar an ngá le leapacha breise d'othair chónaitheacha.

27.14 Moladh amháin in *Comhfhís* ba ea go gcuirfí sainghrúpa ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar sholáthar leapacha géarmhíochaine d'othair chónaitheacha agus chun moltaí a dhéanamh maidir le hacmhainn. I dtuarascáil an tsainghrúpa (i Meitheamh 2024) moladh cur chuige céimnithe maidir leis an sprioc 50 leaba in aghaidh daonra 100,000 a bhaint amach arna moladh ag an gComhchoiste in 2018.⁶ Gan aon amlíne ghaolmhar a shonrú, mhol an sainghrúpa sprioc thosaigh 25 leaba in aghaidh daonra 100,000.

27.15 Déanann Coiste Náisiúnta Feidhmithe agus Monatóireachta (NIMC) formhaoirseacht ar fheidhmiú *Comhfhís* agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar bhonn straitéiseach ar fud FSS.⁷ Foilsíonn an NIMC tuarascálacha tréimhsiúla ar dhul chun cinn ar chun feidhme na moltaí in *Comhfhís*. Foilsíodh an tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn i mBealtaine 2026.⁸ Déantar sonraí le haghaidh na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a chur i dtoll a chéile ó theimpléid tuairiscithe arna gcur ar ais ag ceannasaithe cur chun feidhme, lena léirítear stádas gach molta sa bheartas.⁹

Leapacha ginearálta i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha aosacha atá cláraithe le FSS

27.16 Tá FSS freagrach as faisnéis a chomhdhlúthú maidir le hacmhainn leapacha i seirbhísí meabhairshláinte. Faightear na sonraí sin trí chomhaireamh láimhe a dhéanann na lárionaid cheadaithe agus a sheoltar chuig FSS. Chuir FSS in iúl nach mbailíonn sé sonraí maidir le hacmhainn leapacha príobháideacha go tráthrialta. Thuairiscigh FSS, áfach, go ndearna sé 385 socrúchán seachtrach a choimisiúnú in 2024, ar feadh tréimhsí éagsúla ama i saoráidí príobháideacha, ar chostas iomlán de thart ar €80 milliún. Níl faisnéis inchomparáide do 2025 ar fáil go fóill.

4 [An Comhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Toghchái: Tuarascáil Deiridh](#) (Deireadh Fómhair 2018).

5 Tá nuashonrú ar an stádas cur chun feidhme, amhail Bealtaine 2026, maidir leis na deich moladh in *Comhfhís* atá ábhartha d'acmhainn leapacha d'othair chónaitheacha curtha ar fáil in larscríbhinn 27B.

6 [Acmhainn Leapacha Géarmhíochaine — Tuarascáil an tSainghrúpa](#) (Meitheamh 2024).


7 Roghnaítear baill choiste stiúrtha an Choiste Náisiúnta Feidhmithe agus Monatóireachta (NIMC) ó ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil freagracht phríomhúil acu as gníomhartha beartais a chur i gcrích.

8 [Comhfhís. Beartas Meabhairshláinte do Chách. Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Bheartais](#) (Bealtaine 2026).

9 Is é an ceannasaí cur chun feidhme maidir le gach moladh an duine nó an comhlacht atá freagrach as a chur chun feidhme a threorú agus a chur i gcrích.

27.17 Bhailigh FSS sonraí maidir le leapacha géarmhíochaine d'othair chónaitheacha aosacha, leapacha cúraim leanúnaigh agus sainleapacha eile trí áireamh leapacha a rinneadh i Samhain 2021. Chuir FSS in iúl go bhfuil sé beartaithe aige áireamh leapacha eile a dhéanamh i Samhain 2026 lena gcuimseofar cineálacha leapacha uile.

Fíor 27.3 Líon na leapacha ginearálta i seirbhísí meabhairshláinte ginearálta d'othair chónaitheacha aosacha atá cláraithe agus meánráta na leapacha in aghaidh 100,000 duine den daonra aosach do 2025.^{a,b,c,d}



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Níl daoine faoi 18 mbliana d'aois ar áireamh le sonraí daonra (mar freastalaíonn seirbhísí ar leith d'othair chónaitheacha ar leanaí agus ógánaigh iad don daonra sin) agus tá na sonraí bunaithe ar dhaonáireamh 2022.
 - b Léirítear leis na ciorcail láthair ghinearálta saoráidí d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh atá cláraithe le FSS mar aon le líon na leapacha i ngach saoráid. Níl leapacha fóiréinseacha atá suite sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar san áireamh.
 - c Rinneadh daonra agus líon na leapacha a chónascadh chun rátaí leapacha in aghaidh daonra 100,000 duine a fháil i gCathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath agus i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh; i mBaile Átha Cliath Thoir Theas agus Cill Mhantáin; i gCorcaigh Theas agus Thiar; i gCorcaigh Thuaidh agus Thoir; agus i nGaillimh agus Ros Comáin.
 - d Tá na rátaí leapacha in aghaidh daonra 100,000 bunaithe ar leapacha ginearálta poiblí géarmhíochaine d'aosaigh agus ar dhaonra atá 18 mbliana d'aois agus níos sine. Ní áirítear leo cineálacha eile leapacha amhail leapacha príobháideacha, leapacha fóiréinseacha, leapacha do leanaí agus d'ógánaigh agus leapacha cúraim leanúnaigh srl.

- 27.18** De réir FSS, bhí 1,022 leaba ghinearálta phoiblí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh ar fud na tíre ag deireadh 2025 a bhí suite ar fud an Stáit (féach Fíor 27.3). Léirítear leis sin meánráta de 26 leaba in aghaidh 100,000 den daonra aosach — 52% den soláthar sprice a mhol an Comhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Todhchaí in 2018.¹⁰
- 27.19** Sa léarscáil taispeántar dáileadh na saoráidí ginearálta d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh atá cláraithe le FSS ar fud na tíre mar aon líon na leapacha i ngach saoráid. Tá cóimheas na leapacha in aghaidh 100,000 den daonra aosach i ngach ceann den 20 limistéar cúraim sláinte comhtháite (IHA) léirithe trí dhathanna na léarscáile — dá dhorchá an dath, is ea is ísle cóimheas na leapacha.
- 27.20** Tagann an chuid is mó de na limistéir laistigh den raon de 21 leaba go 30 leaba in aghaidh 100,000 duine den daonra aosach. Níl aon cheann den 20 IHA ag baint na sprice arb éard í 50 leaba in aghaidh 100,000 duine den daonra aosach a mhol an Comhchoiste amach faoi láthair. Tá na rátaí leapacha do Lú/an Mhí, do Chill Dara/Chill Mhantáin Thiar agus do Phort Láirge/Loch Garman níos lú ná 21 leaba in aghaidh 100,000 duine.

Cuairteanna ar an láthair

- 27.21** Thug an fhoireann scrúdaithe cuairteanna ar an láthair ar cheithre shaoráid, ag a raibh 161 leaba (16%) den iomlán náisiúnta leapacha ginearálta géarmhíochaine d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh atá cláraithe go poiblí de réir fhigiúirí FSS (féach Fíor 27.4). Ba é príomhchuspóir na gcuairteanna féachaint an raibh líon na leapacha a tuairiscíodh ina léiriú cruinn ar líon na leapacha a bhí ar fáil agus in úsáid ag gach saoráid. Baineann ráta líon na leapacha in úsáid leis an oíche roimh gach cuairt ar an láthair.
- 27.22** Is aonad géarshíciatrach d'aosaigh a bhfuil cónaí orthu i gContae Lú agus i gContae na Mí í Roinn Síciatrachta Dhroichead Átha, a osclaíodh in 2016. Tá 46 leaba d'othair chónaitheacha san aonad, agus bhí 44 díobh sin in úsáid an oíche roimh an gcuairt ar an láthair. Tá ceann de na cóimheasa leapacha is ísle ag an limistéar sláinte a bhfreastalaíonn Roinn Síciatrachta Dhroichead Átha air — 17 leaba in aghaidh gach 100,000 duine den daonra aosach. Nuair a aistríodh seirbhísí meabhairshláinte an réigiúin chuig an tsaoráid, tháinig laghdú naoi leaba ar an acmhainn. Tá cead tugtha síneadh dhá stór a chur leis an tsaoráid, ina mbeidh deich leaba bhreise. Faigheann an tsaoráid rochtain ar leapacha príobháideacha nuair is gá, mar shampla d'othair a bhfuil neamhord iteacháin casta orthu. D'fhéadfaí othair áirithe a bhfuil riachtanais chasta acu a chur chuig an Ríocht Aontaithe le haghaidh sainchóireáil spriocdhírthe. Ní mór costas na rochtana ar leapacha príobháideacha a íoc as buiséad na saoráide.¹¹

¹⁰ Ní bhaineann an figiúr sin ach amháin le leapacha ginearálta géarmhíochaine d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh agus níl cineálacha leapacha eile san áireamh leis amhail leapacha cúraim leanúnaigh, leapacha fóiréinseacha, leapacha do leanaí agus d'ógánaigh agus leapacha príobháideacha géarmhíochaine d'othair chónaitheacha atá ina n-aosaigh.

¹¹ Nuair is gá rochtain ar leaba phríobháideach a cheannach, iarrfar trí luachan, nó féadfar an rochtain a fháil trí chonradh atá i bhfeidhm le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Fíor 27.4 Saoráidí meabhairshláinte ar tugadh cuairt orthu, Aibreán 2026

Saoráid	Limistéar sláinte comhtháite	Líon na leapacha	Leapacha in úsáid	Ráta líon na leapacha in úsáid
Roinn Síciatrachta Dhroichead Átha	Lú/an Mhí	46	46	96%
Cluain Mhuire ^a	Baile Átha Cliath Thoir Theas	34 ^b	34	79% ^c
Aonad Lakeview, Ospidéal Ginearálta an Náis	Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	29 ^d	29	100%
Ospidéal Thamhlachta	Baile Átha Cliath Thiar Theas agus Thiar	52	47 ^e	94%

- Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Nótaí:
- a Is seirbhís meabhairshláinte phobalbhunaithe d'aoisigh é Cluain Mhuire. Ceannaíonn sé fáil ar leapacha d'othair chónaitheacha ar bhonn bliantúil ó Ospidéal Ollscoile Eoin Dé.
 - b In 2025, bhí cistí ann chun fáil ar 28 leaba a cheannach. Méadaíodh an maoiniú a cuireadh ar fáil in 2026 go méid lena n-éascófaí ceannach fála suas le 34 leaba.
 - c Bhí seacht leaba is fiche in úsáid, sé leaba is fiche astu ag othair Chluain Mhuire agus leaba amháin ag othar Ospidéal Ollscoile Eoin Dé. Bhí seacht leaba folamh.
 - d Tá 29 leaba in Aonad Lakeview. Tá comhaontú ann le hOspidéal Réigiúnach Lár Tíre chun deich leaba bhreise a úsáid, más gá.
 - e Ní raibh cúig leaba in úsáid mar gheall ar obair thógála a bhí ar siúl. Tá ráta líon na leapacha in úsáid faoi threoir na leapacha in úsáid.

27.23 Is seirbhís meabhairshláinte phobalbhunaithe d'aoisigh í Cluain Mhuire, a fhreastalaíonn ar dhobharcheantar sainithe i réigiún Bhaile Átha Cliath agus an Oirdheiscirt. Is soláthraí seirbhísí sláinte atá maoinithe faoi alt 38 é St John of God Community Services.¹² Ceannaíonn Cluain Mhuire rochtain ar leapacha ó Ospidéal Ollscoile Eoin Dé gach bliain, rud a fhágann go gcuirtear cúram meabhairshláinte d'othair chónaitheacha ar fáil faoin gcóras poiblí in ospidéal príobháideach. Socraíonn an t-ospidéal an praghas in aghaidh na leapa, agus braitheann líon na leapacha atá ar fáil do Chluain Mhuire ar an mbuiséad atá ar fáil di. Mar sin féin, ní ráthaíonn maoiniú a fháil le haghaidh 34 leaba go mbeidh 34 leaba d'othair chónaitheacha ar fáil i mbliain ar leith, mar ní imfhálaítear na leapacha sin do Chluain Mhuire. Nuair is gá, féadfaidh Cluain Mhuire dul i mbun caibidlíochta chun rochtain a fháil ar leapacha eile d'othair chónaithe in ionaid cheadaithe eile. Tráth na cuairte ar an láthair, bhí 79% de na leapacha in úsáid. Cé go raibh seacht gcinn de na leapacha folamh, ní íocann Cluain Mhuire ach as na leapacha a úsáidtear, agus dá bhrí sin ní bhíonn cailteanas airgeadais mar thoradh ar an tearcúsáid sin.

12 Is eagraíocht dheonach cúraim sláinte é soláthraí atá maoinithe faoi alt 38, a fhaigheann maoiniú faoi alt 38 den Acht Sláinte 2004 chun seirbhísí a sholáthar thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

- 27.24** Cuireann Aonad Lakeview, atá lonnaithe in Ospidéal Ginearálta an Náis, cúram ar fáil d'aoisigh a bhfuil riachtanais éagsúla mheabhairshláinte acu. Freastalaíonn an t-aonad ar aoisigh a bhfuil cónaí orthu i gCill Dara agus i gCill Mhantáin Thiar. Is saoráid d'othair chónaitheacha í ina bhfuil 29 leaba, agus tá seirbhísí pobalbhunaithe ceangailte léi. Tá comhaontú ag Aonad Lakeview le hOspidéal Réigiúnach Lár Tíre i bPort Laoise faoinar féidir deich leaba bhreise a chur ar fáil d'Aonad Lakeview, más gá. Mar sin féin, ní chuirtear na deich leaba in áirithe d'Aonad Lakeview, mar glacann Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre othair sna leapacha sin óna dhobharcheantar féin nuair is gá. Tráth na cuairte, bhí gach ceann de 29 leaba an Aonaid in úsáid agus cuireadh seachtar othar eile in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre ó Lakeview. Nuair a bhíonn fadhbanna acmhainne ann, téann an tAonad i dteagmháil le haonaid eile freisin agus déanann sé rochtain ar leapacha atá ar fáil a chaibidlíú. Is féidir leis rochtain ar leapacha príobháideacha a fháil freisin nuair is gá. Tá sé beartaithe aonad nua síciatrachta a thógáil in Ospidéal Ginearálta an Náis, rud a chuirfidh 21 leaba leis an acmhainn leapacha atá ann faoi láthair.
- 27.25** Is saoráid ghéarmhíochaine d'othair chónaitheacha é an t-ionad ceadaithe in Ospidéal Thamhlachta, arb ionad é ina bhfuil 52 leaba agus a fhreastalaíonn ar cheithre limistéar meabhairshláinte pobail i Réigiún Lár Theas Bhaile Átha Cliath. Cuireann an tseirbhís cúram géarmhíochaine ar fáil d'othair chónaitheacha arb aoisigh iad laistigh den limistéar sainithe. Is é an t-aonad an t-aonad meabhairshláinte ginearálta d'othair chónaitheacha aosacha is mó sa Stát atá maoinithe go poiblí. Tá oibreacha tógála ar siúl san aonad faoi láthair chun na bearta in aghaidh ceangal crochta a nuashonrú agus chun oibreacha uasghrádaithe sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh. Déanfar na hoibreacha tógála thar chúig chéim chun an cur isteach ar an tseirbhís a íoslaghdú, agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe faoi Shamhain 2027. Tráth na cuairte ar an láthair, bhí an acmhainn laghdaithe go 47 leaba de bharr na n-oibreacha tógála. Bhí 94% de na leapacha eile in úsáid. Má bhíonn fadhb acmhainne ann, téann an t-aonad i dteagmháil le hionaid cheadaithe eile chun iarracht a dhéanamh leapacha atá ar fáil a aimsiú. Ceannóidh an t-aonad rochtain ar leapacha príobháideacha nuair is gá freisin; braithfidh an praghas ar an leibhéal cúraim a theastaíonn ón othar. Sainithneoidh an sainchomhairleoir nó an fhoireann chliniciúil leaba oiriúnach bunaithe ar riachtanais an othair, agus déanfaidh an Ceann Seirbhísí an maoiniú a aimsiú ansin.
- 27.26** Bhí rátaí áitíochta os cionn 90% i dtrí cinn de na saoráidí ar tugadh cuairt orthu. Thuairiscigh na saoráidí uile gur ghá dóibh ó am go ham rochtain ar leapacha i saoráidí poiblí eile a chaibidlíú agus na leapacha sin a fhoinsiú, nó rochtain ar leapacha príobháideacha in ionaid eile a cheannach. Nuair is gá obair chothabhála nó athchóirithe a dhéanamh i saoráidí, bíonn tionchar aige sin ar líon na leapacha atá i bhfeidhm. D'fhéadfadh tosca eile sa timpeallacht, amhail bearta chun ionfhabhtuithe a chosc agus a rialú nó ganntanas foirne, dul i bhfeidhm ar líon na leapacha atá i bhfeidhm freisin. Déanann na foirne bainistíochta cliniciúla na leapacha a bhainistiú go háitiúil.


Pleanáil chaipitil

- 27.27** Mar chuid de chur chun feidhme *Comhfhís*, d'fhoilsigh sainghrúpa tuarascáil ar acmhainn na leapacha i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte i mí an Mheithimh 2024.¹³ Bhain an grúpa leas as foinsí éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus an daonáireamh maidir le leapacha a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i mí na Samhna 2021.

¹³ [Acmhainn Leapacha Géarmhíochaine — Tuarascáil an tSainghrúpa](#) (Meitheamh 2024).

- 27.28** Thaifead an sainghrúpa go raibh 1,134 leaba phoiblí i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte agus 523 leaba phríobháideacha i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte ar fud na tíre tráth an daonáirimh leapacha. B'ionann sin agus easnamh 832 leaba i seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha i gcomparáid leis an ráta 50 leaba in aghaidh gach 100,000 duine den daonra a mhol an Comhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Toghchán in 2018 (féach Fíor 27.5).¹⁴
- 27.29** Déantar roinnt moltaí sa tuarascáil, lena n-áirítear líon na leapacha i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha a mhéadú de réir mhéid an daonra. Moltar an líon a mhéadú de réir a chéile, agus é mar aidhm íosmhéid tosaigh 25 leaba a bhaint amach in aghaidh gach 100,000 duine den daonra. Leagtar béim sa tuarascáil gur cheart tacú leis sin le seirbhísí láidre pobalbhunaithe meabhairshláinte, sreabhadh othar níos fearr agus cúram níos speisialaithe a chur ar fáil chun moilleanna ar scaoileadh amach othar agus socrúcháin mhíchuí a laghdú. Luaitear inti freisin a thábhachtaí atá líon leordhóthanach foirne, tuilleadh taighde agus úsáid níos fearr a bhaint as sonraí chun seirbhísí a phleanáil agus a bhainistiú.

Fíor 27.5 Céatadán na leapacha i gcomparáid le sprioc an Chomhchoiste de 50 leaba in aghaidh gach 100,000



¹⁴ Bhí an t-easnamh a shainaithin an grúpa saineolaithe bunaithe ar shonraí daonra ó dhaonáireamh 2016.

Foinse: *Acmhainn na Leapacha Géarmhíochaine — Tuarascáil an tSainghrúpa*. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 27.30** Cuireadh na fionnachtana ón tuarascáil maidir le hacmhainneacht leapacha géarmhíochaine ar áireamh in obair an Ghrúpa Náisiúnta um Pleanáil Caipitil i réimse na Meabhairshláinte. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa sin measúnú tosaigh a dhéanamh ar na saoráidí meabhairshláinte cláraithe uile atá ann cheana, agus díriú á cur ar chomhlíonadh na gceanglas rialála a bhaineann leis an mbonneagar. Dúirt Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhforbrófaí plean caipitil mionsonraithe do gach saoráid ar leith, ina leagfaí amach na hoibreacha bonneagair is gá chun comhlíonadh iomlán na gceanglas rialála a bhaint amach. Iarradh ar gach réigiún plean caipitil deich mbliana a chur isteach, agus aon easnamh leapacha atá ann faoi láthair, riachtanais an daonra agus pleananna chun rochtain ar leapacha a fheabhsú ar fud gach aoisghrúpa á gcur san áireamh. Tugtar faoi deara i dtuarascáil ar dhul chun cinn chur chun feidhme *Comhfhís* i mí na Bealtaine 2026 go raibh roinnt moilleanna ar fhaisnéis maidir leis an mbonneagar atá ann cheana a bheith á fáil ag an ngrúpa pleanála caipitil.
- 27.31** Dúirt an Roinn Sláinte (an Roinn) gur bhunaigh sí comhghrúpa oibre le FSS chun plean caipitil deich mbliana don mheabhairshláinte a fhorbairt don tréimhse go 2037. Beidh an plean bunaithe ar mhapáil na saoráidí, ionchur ó na réigiúin, riachtanais seirbhíse, oibleagáidí rialála, gealltanais chlár an rialtais agus tosaíochtaí beartais náisiúnta. Déanfar é a struchtúrú de réir tréimhsí pleanála trí bliana, cúig bliana agus deich mbliana, agus tabharfaidh sé aghaidh ar riachtanais bhonneagair na seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha agus na seirbhísí meabhairshláinte pobail araon. Sa chéim ghearrthéarmach den phlean, sainaithneofar tionscadail tosaíochta shonracha agus riachtanais infheistíochta agus sa tréimhse níos faide, leagfar amach an treo straitéiseach, riachtanais acmhainne, agus riachtanais bhonneagair na seirbhísí meabhairshláinte amach anseo.
- 27.32** Mar ionchur tábhachtach sa phlean caipitil deich mbliana, choimisiúnaigh an Roinn an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) chun réamh-mheastacháin a fhorbairt ar an éileamh ar sheirbhísí síciatrachta poiblí d'othair chónaitheacha agus ar an acmhainn a bheidh ag teastáil go 2040. Beidh réamh-mheastacháin ESRI bunaithe ar raon tosca, lena n-áirítear fás agus aosú an daonra, an laghdú ar fhad fanachta a bhaineann le forbairtí i seirbhísí pobail, treochtaí réigiúnacha maidir le húsáid leapacha, agus tosca gaolmhara. Dúirt an Roinn go dtacódh réamh-mheastacháin ESRI le plean caipitil straitéiseach a fhorbairt le haghaidh leapacha i seirbhísí géarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha, lena léireofar athruithe déimeagrafacha agus riachtanais seirbhíse agus a bheidh ailínithe le beartais náisiúnta agus straitéiseacha maidir le hinfheistíocht sa bhonneagar.

Formhaoirseacht, éileamh agus leithdháileadh


- 27.33** Tá freagracht oibríochtúil ar réigiúin sláinte as seirbhísí meabhairshláinte poiblí, lena n-áirítear Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), seirbhísí ginearálta d'aoisigh, seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine scothaosta, agus aonaid d'othair chónaitheacha.

- 27.34** Dúirt FSS go ndéanann síciatraithe comhairleacha measúnú ar an éileamh ar leapacha i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha agus go mbainistíonn siad an t-éileamh sin go háitiúil, le hionchur ón bhfoireann ildisciplíneach níos leithne agus i gcomhréir leis na struchtúir rialachais áitiúla. Déantar cinntí maidir le hothair a ligean isteach sna leapacha i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaithe a mheasúnú de réir tosca casta éagsúla, lena n-áirítear riachtanais chliniciúil, an stádas dlíthiúil faoin reachtaíocht meabhairshláinte, éilimh ar sheirbhísí, tosca riosca agus cosanta, cumhdach, oiriúnacht na timpeallachta, agus cóimheasa foirne teiripeacha.
- 27.35** Dúirt FSS go bhfuil bainistíocht leapacha ina cuid de na struchtúir rialachais ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Féachtar le cruinnithe maidir le hothair a scaoileadh amach agus le cruinnithe bainistíochta leapacha lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is cuí as na leapacha atá ar fáil. Déantar monatóireacht laethúil ar líon na leapacha in úsáid agus ar aon leapacha folmha.
- 27.36** Leithdháiltear do bharcheantair ar shainchomhairleoirí a bhfuil cead acu othair a chur i leapacha i seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha ina limistéir féin. Mura bhfuil leaba ar fáil, is féidir leo dul i dteagmháil le sainchomhairleoirí eile chun socrú a dhéanamh maidir le cur isteach othair, chuig saoráid eile de chuid FSS nó chuig seirbhís phríobháideach. Thug an fhoireann scrúdúcháin an cleachtas sin maidir le cur isteach ar an dóigh sin faoi deara le linn na gcuariteanna ar an láthair agus is cosúil go bhfuil sé coitianta.

Rátaí cur isteach in ospidéal

- 27.37** Tháinig laghdú 11% ar líon na n-othar a cuireadh isteach i saoráidí síciatracha poiblí agus príobháideacha idir 2016 agus 2020 (féach Fíor 27.6). D'fhan líon na n-othar a cuireadh isteach ag leibhéil réasúnta comhsheasmhach ó 2020 i leith, agus é cothrom le thart ar 15,600 othar in aghaidh na bliana. Tháinig laghdú 7% ar líon na leapacha síciatracha de gach cineál, ó bheagnach 2,800 leaba in 2016 go díreach os cionn 2,600 leaba in 2024.
- 27.38** Ar an leibhéal réigiúnach, bhí an ráta cur isteach is airde d'aosaigh i réigiún FSS Thiar agus Thiar Thuaidh, agus é cothrom le 387 n-othar a cuireadh isteach in aghaidh gach 100,000 duine den daonra aosach (is é sin, daoine atá 18 mbliana d'aois agus níos sine) in 2025 (féach Fíor 27.7). Bhí sé sin 49% níos airde ná an ráta cur isteach i réigiún an Iarthair Láir. I gcodarsnacht leis sin, bhí líon na leapacha ginearálta i seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha atá cláraithe le FSS in aghaidh gach 100,000 duine den daonra fásta cosúil sa dá réigiún (28 in aghaidh gach 100,000 duine in 2025).

Fíor 27.6 Innéacs na leapacha síciatracha uile agus na n-othar a cuireadh isteach i saoráidí síciatracha (2016 = 100), 2016 go 2024^{a,b,c}




Foinse: An Bord Taighde Sláinte (líon na ndaoine a cuireadh isteach); an Coimisiún Meabhair-Shláinte (líon na leapacha). Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Áirítear leis na hothair de gach aois a cuireadh isteach i saoráidí poiblí agus príobháideacha.
- b Áirítear leis gach cineál leapa (leapacha poiblí, príobháideacha, leapacha do leanaí agus d'ógánaigh, agus leapacha cúraim leanúnaigh, srl.).
- c Ba í 2024 an bhliain ba dhéanaí dá raibh sonraí iomlána ar fáil tráth an scrúdaithe seo.

Fíor 27.7 Aosaigh a cuireadh isteach i saoráidí síciatracha FSS agus líon na leapacha géarmhíochaine ginearálta d'othair chónaitheacha aosacha atá cláraithe le FSS, in aghaidh gach 100,000 duine den daonra aosach, de réir an réigiúin sláinte^{a,b,c}



Foinse: An Bord Taighde Sláinte (líon na ndaoine a cuireadh isteach); Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (líon na leapacha). Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Áirítear othair 18 mbliana d'aois agus níos sine a cuireadh isteach i saoráidí FSS. Ní áirítear othair a cuireadh isteach in ospidéal phríobháideacha.
- b Áirítear leapacha ginearálta géarmhíochaine d'aosaigh atá cláraithe le FSS agus a bhí ar fáil d'othair chónaitheacha ag deireadh 2025.
- c Tá an ráta leapacha in aghaidh gach 100,000 duine bunaithe ar leapacha géarmhíochaine ginearálta poiblí d'aosaigh agus ar an daonra atá 18 mbliana d'aois agus níos sine. Ní áirítear leis cineálacha eile leapacha, amhail leapacha fóiréinseacha, leapacha cúraim leanúnaigh, agus leapacha do leanaí agus d'ógánaigh, srl.

Seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe

- 27.39 Cuireann FSS seirbhísí meabhairshláinte ar fáil i suíomhanna ospidéil agus i suíomhanna pobail araon (féach Fíor 27.8). D'fhéadfadh aon teorainneacha ar acmhainn i seirbhísí pobail, nó ar a mhéid a fhreagraíonn siad do dháileadh an daonra, an spleáchas ar chúram d'othair chónaitheacha a mhéadú.
- 27.40 Féadfaidh foirne meabhairshláinte pobail (CMHTanna) seirbhísí agus tacaíochtaí ginearálta meabhairshláinte nó sainseirbhísí meabhairshláinte do riochtaí sonracha nó do ghrúpaí áirithe othar a sholáthar. Dúirt FSS go bhféadfadh seirbhísí piarthacaíochta, cláir oideachais agus forbartha pearsanta maidir le téarnamh meabhairshláinte, socrúcháin fostaíochta, idirghabhálacha achoimre géarchéime, grúpaí tacaíochta, seirbhísí andúile, teileashláinte, sícíteiripe agus seirbhísí comhairleoireachta a bheith i measc na dtacaíochtaí eile atá ar fáil taobh le CMHTanna.

Fíor 27.8 Seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe

Seirbhís	Gnéithe
Foirne meabhairshláinte pobail	Líonra d'fhoirne meabhairshláinte (seirbhísí ginearálta d'aoaigh, do leanaí agus d'ógánaigh, agus seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine scothaosta) mar ar féidir le daoine aonair rochtain a fháil ar thacaíochtaí ildisciplíneacha.
Tacaíochtaí cónaithe pobalbhunaithe	Suíomhanna cónaithe ina gcuirtear leibhéal éagsúla mhaoirseachta agus tacaíochta ar fáil. Níl na suíomhanna cónaithe sin á rialáil faoi láthair. ^a
Seirbhísí réitigh géarchéime	Tacaíochtaí diana dírithe ar an duine a sholáthar láithreach, m.sh. foirne réitigh géarchéime agus caiféanna Solace.
Seirbhísí meabhairshláinte d'othair chónaitheacha	Áirítear leo síciatracht do thréimhse dhéanach an tsaoil, meabhairshláinte imbhreithe, aoaigh a bhfuil míchumas intleachtúil orthu, luath-idirghabháil i síocóis, féinchochar agus smaointe féinmharaíthe, dédhiagnóis, neamhoird itheacháin, agus for-rochtain theanntásach.
An tSeirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta	Cuireann sí seirbhísí comhairleoireachta saor in aisce ar fáil d'aoaigh a d'fhulaing mí-úsáid nó faillí le linn a n-óige, nó a raibh cónaí orthu roimhe seo i dteach máithreacha agus naíonán.
Cúram príomhúil	Cuireann sé príomhthacaíochtaí meabhairshláinte ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí síceolaíochta, comhairleoireacht, seirbhísí andúile, agus seirbhísí sláinte gaolmhara.

Foinse: An Roinn Sláinte

Nóta: a Síníodh an tAcht Meabhair-Shláinte 2026 sa dlí i mí na Bealtaine 2026. Leis an Acht, déanfar seirbhísí meabhairshláinte pobail, lena n-áirítear seirbhísí cónaithe, a chlárú agus a rialáil.

- 27.41** Is minic a thagann atreoruithe chuig CMHTanna ó lia-chleachtóir ginearálta an othair. Nuair a atreoraítear othar, is féidir leis an CMHT measúnú a dhéanamh ar a riachtanais mheabhairshláinte agus tacaíochtaí a chur ar fáil, amhail seirbhísí teiripeacha, síocoideachas agus idirghabhálacha cógaiseolaíocha.¹⁵ D'fhéadfadh tacaíochtaí sóisialta a bheith ar fáil freisin, lena n-áirítear cúnamh maidir le caidreamh, tacaíocht teaghlaigh agus piaraí, agus cúnamh oideachais agus fostaíochta.
- 27.42** Athraíonn struchtúr agus foireann na CMHTanna de réir riachtanais áitiúla. Dúirt FSS, áfach, go mbíonn cláraitheoir, riarthóir, síciatraí comhairleach, síceolaí cliniciúil, oibrí sóisialta, oibrí cúraim shóisialta, teiripeoir saothair, beirt sainaltraí chliniciúla agus ceathrar altraí síciatracha ar ghnáthfhoireann CMHT.
- 27.43** Sonraíodh in *Fís don Athrú* gur cheart foireann iomlán meabhairshláinte ghinearálta amháin ar a laghad d'aoisigh a bheith ann in aghaidh gach 50,000 duine den daonra. Athdhearbhaíodh an sprioc sin in *Comhfhís*. Tá an cóimheas spriocdhírthe idir Foirne Meabhairshláinte Pobail (CMHTanna) agus an daonra á bhaint amach i ngach réigiún (féach Fíor 27.9).
- 27.44** Cuireadh béim in *Comhfhís* ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí cuimsitheacha pobalbhunaithe ag a bhfuil go leor acmhainní agus ar féidir leo feidhmiú taobh le cúram géarmhíochaine d'othair chónaitheacha. Trí chuairteanna ar an láthair agus trí anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuir FSS ar fáil, tugadh faoi deara go bhfuil roinnt CMHTanna ag feidhmiú ar bhonn an dobharcheantair uile seachas a bheith ailínithe go geografach, agus go bhfuil foirne nach bhfuil acmhainní iomlána acu i mbun oibre i gcásanna eile.

Fíor 27.9 Foirne meabhairshláinte pobail, cóimheas in aghaidh gach 50,000 duine den daonra

Limistéar sláinte comhtháite	CMHTanna le haghaidh meabhairshláinte ghinearáltad'aoisigh ^a	Síciatracht CMHTanna le haghaidh síciatracht do thréimhse dhéanach an tsaoil ^b
Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart	1.88	1.94
Baile Átha Cliath agus Lár Tíre	1.53	1.80
Baile Átha Cliath agus an tOirdheisceart	1.71	2.46
An tIardheisceart	2.11	2.10
An tIarthar Láir	2.22	2.20
An tIarthar agus an tIarthuaisceart	2.01	3.02

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Bunaithe ar an daonra atá idir 18 agus 64 bliain d'aois i ngach IHA.
b Bunaithe ar an daonra atá 65 bliain d'aois nó níos sine i ngach IHA.

¹⁵ D'fhéadfadh síceolaíocht, teiripe shaothair, teiripe urlabhra agus teanga, seirbhísí diaitéitice agus cúram sóisialta a bheith i measc na seirbhísí teiripeacha.

Conclúidí agus moltaí

- 27.45** Le blianta fada anuas, tá sé mar aidhm le beartais mheabhairshláinte a tháinig i ndiaidh a chéile in Éirinn bogadh ar shiúl ó chúram institiúideach agus i dtreo seirbhísí meabhairshláinte níos pobalbhunaithe. Tá sé aitheanta i mbeartais, áfach, go mbeidh seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha ina ngné ríthábhachtach i gcónaí i seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine a bhfuil dian-anacair shíceolaíoch agus géar-anacair shíceolaíoch orthu.
- 27.46** Foilsíonn an Coimisiún Meabhair-Shláinte faisnéis ardleibhéil maidir le hacmhainn leapacha ina thuarascálacha bliantúla, bunaithe ar thuairisciú clárúcháin. Rinne FSS an t-áireamh is déanaí ar leapacha i seirbhísí meabhairshláinte i mí na Samhna 2021.
- 27.47** Tá gá le faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta maidir le gach cineál leapa agus seirbhísí pobalbhunaithe atá ar fáil ar fud na tíre chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil reatha na seirbhísí agus chun eolas a thabhairt do chinntí faoi acmhainneacht amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs daonra a bhíonn ag fás agus ag athrú go tapa. Leis an bhfaisnéis a fhaightear trí áireamh leapacha amhail líon na leapacha atá á n-úsáid, comparáid idir leapacha atá in úsáid agus leapacha cláraithe, agus faisnéis faoi leapacha cúraim leanúnaigh agus sainleapacha eile, féadfar anailís chríochnúil a dhéanamh ar acmhainneacht na leapacha.

Moladh 27.1

Ba cheart do FSS áireamh eile ar leapacha a dhéanamh chun líon agus suíomh gach catagóire de leapacha i seirbhísí meabhairshláinte a shuí (lena n-áirítear leapacha i seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha aosacha, leapacha do leanaí agus d'ógánaigh, leapacha príobháideacha, leapacha cúraim leanúnaigh, agus sainleapacha); agus ba cheart dó nós imeachta a chur i bhfeidhm le haghaidh áirimh thráthrialta ina dhiaidh sin.

Freagairt an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Comhaontaithe.

Tá áireamh cuimsitheach ar leapacha meabhairshláinte beartaithe do mhí na Samhna 2026. Mar chuid den obair sin, déanfar obair shainithe maidir le nós imeachta láidir a chur i bhfeidhm le haghaidh áirimh thráthrialta leapacha. Déanfar tuilleadh áireamh a phleanáil ar bhonn leathbhliantúil.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Samhain 2026

- 27.48** Is féidir le leagan síos spriocanna ról tábhachtach a bheith aige lena chinntiú go bhfuil dóthain leapacha meabhairshláinte ar fáil ar fud na tíre agus go bhfuil na leapacha sin scaipthe go cothrom ar fud na réigiún. An sprioc — 50 leaba géarmhíochaine meabhairshláinte in aghaidh gach 100,000 duine den daonra — a úsáidtear go coitianta maidir le hacmhainn leapacha meabhairshláinte, tagann sí ó thuarascáil ó Chomhchoiste Oireachtais a foilsíodh in 2018.¹⁶ D'aithin sainghrúpaí, a thug tuairisc i mí an Mheithimh 2024, go raibh gá le 832 leaba bhreise d'othair chónaitheacha ar fud na tíre chun an sprioc 50 leaba in aghaidh gach 100,000 duine den daonra a bhaint amach.¹⁷ Moladh i dtuarascáil an tsainghrúpa cur chuige cur chun feidhme céimnithe, agus é mar sprioc íosmhéid tosaigh de 25 leaba in aghaidh gach 100,000 duine den daonra a bhaint amach.
- 27.49** Léirítear i bhfíoracha a chuir FSS ar fáil don fhoireann scrúdúcháin amhail deireadh 2025 difríochtaí réigiúnacha in acmhainn na leapacha ginearálta i seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha. Tagann formhór na limistéar faoin raon idir 21 leaba agus 30 leaba in aghaidh gach 100,000 duine den daonra aosach, agus tá 20 leaba nó níos lú in aghaidh gach 100,000 duine den daonra daoine fásta ag Lú/an Mhí, ag Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar agus ag Port Láirge/Loch Garman.
- 27.50** Breathnaíodh rátaí arda áitiúchá ag trí cinn de na ceithre shaoráid mheabhairshláinte ar thug an fhoireann scrúdúcháin cuairt orthu. Ina theannta sin, tugadh faoi deara roinnt cásanna inar fhoinsigh aonaid leapacha i saoráidí eile, nó inar cheannaigh siad rochtain ar leapacha príobháideacha chun déileáil le fadhbanna acmhainne gearrthéarmacha. Is féidir leis an gcleachtas sin a bheith am-iditheach do na saoráidí agus ceistanna a ardú maidir le luach ar airgead. Chuir FSS in iúl don fhoireann scrúdúcháin gur fhoinsigh sé 385 socrúchán seachtrach in 2024 ar feadh tréimhsí éagsúla ama, i saoráidí príobháideacha ar chostas iomlán ab ionann agus thart ar €80 milliún.

Moladh 27.2

Ba cheart do lárionad náisiúnta FSS a chinntiú go bhfuil córas láidir i bhfeidhm chun faisnéis chuimsitheach a bhailiú maidir leis an méid a théann saoráidí meabhairshláinte i muinín acmhainn a fhoinsíú ón earnáil phríobháideach, lena n-áirítear sonraí faoin gcostas, faoi líon na n-othar, faoi chineálacha cóireála, agus faoi laethanta cóiríochta.

Freagairt an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Comhaontaithe.

Comhaontaíonn FSS i bprionsabal. Forbrófar tuairisciú feabhsaithe maidir le socrúcháin phríobháideacha trí shocruithe rialachais a mbeidh baint ag réigiúin sláinte agus ag ceanncheathrú FSS leo.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Ráithe 1 2028

¹⁶ [An Comhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Toghchán: Tuarascáil Deiridh](#) (Deireadh Fómhair 2018).

¹⁷ [Acmhainn Leapacha Géarmhíochaine — Tuarascáil an tSainghrúpa](#) (Meitheamh 2024).

- 27.51** Rinne an sainghrúpa, ag tuairisciú dó i mí an Mheithimh 2024 maidir le cur chun feidhme an bheartais *Comhfhís*, roinnt moltaí a bhain le géarchúram meabhairshláinte. Mar shampla, mhol sé go méadófaí líon na leapacha i seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha de réir a chéile, agus go bhfeabhsófaí sreabhadh na n-othar, go mbeadh dóthain foirne ann agus go mbainfí úsáid níos fearr as na sonraí atá ar fáil.

Moladh 27.3

Cuireadh moltaí na tuarascála maidir le hacmhainn leapacha i seirbhísí géarmhíochaine san áireamh in obair an Ghrúpa Náisiúnta um Pleanáil Caipitil i réimse na Meabhairshláinte. Ba cheart plean agus amlíne a chruthú chun moltaí eile de chuid an ghrúpa a chostáil, a chur in ord tosaíochta agus a chur chun feidhme, agus ba cheart monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh orthu sin go tráthrialta.

Freagairt an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Comhaontaithe.

Cuireadh moltaí san áireamh i sruthanna oibre an ghrúpa pleanála caipitil. I gcás nach mbaineann na moltaí le pleanáil chaipitil, táthar ag plé leo laistigh de na struchtúir rialachais chuí in FSS.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Cuirfear an Plean Caipitil Meabhairshláinte, ar plean deich mbliana é, i gcrích faoi dheireadh na bliana 2026, agus beidh sé mar bhonn eolais faoi chinntí maidir le líon na leapacha agus tosaíochtaí infheistíochta straitéisí suas go dtí an bhliain 2037. Déanfar plé ar mholtaí nach mbaineann le pleanáil chaipitil laistigh den timthriall buiséid bhliantúil maidir le maoiniú mionchaipitil sna réigiúin sláinte aonair.

27.52 Tá comhghrúpa oibre de chuid na Roinne Sláinte agus FSS, a bunaíodh le déanaí, ag ullmhú plean caipitil meabhairshláinte deich mbliana don tréimhse go dtí an bhliain 2037. Beidh an plean caipitil bunaithe ar réamh-mheastacháin atá á n-ullmhú faoi láthair ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta maidir leis an éileamh agus leis na riachtanais acmhainne a leapacha do sheirbhísí síciatracha othar cónaitheach poiblí suas go dtí an bhliain 2040. Dúirt an Roinn go mbeadh tionchar ag an bplean caipitil meabhairshláinte deich mbliana, atá le cur i gcrích faoi dheireadh na bliana seo, ar chinntí maidir le líon na leapacha agus le tosaíochtaí infheistíochta straitéisí suas go dtí an bhliain 2037.

27.53 Leagtar béim sa bheartas meabhairshláinte reatha, mar atá *Comhfhís*, ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí pobalbhunaithe atá cuimsitheach agus ag a bhfuil go leor acmhainní a bheith ag obair taobh le géarchúram d'othair chónaitheacha. Tá an sprioc maidir le foireann iomlán a bheith ag gach foireann ghinearálta meabhairshláinte d'aosaigh in aghaidh gach 50,000 duine den daonra á baint amach i ngach réigiún. Níl aon chomhghaol soiléir ann idir an ráta iontrála othar cónaitheach de réir réigiúin agus infhaighteacht seirbhísí pobalbhunaithe.

Iarscríbhinn 27A Spriocanna maidir le leapacha d'othair chónaitheacha sa bheartas *Fís don Athrú* (2006)

Cúram othar cónaitheach

- Aon aonad géarchúram othar cónaitheach in aghaidh an dobharcheantair a bhfuil daonra 300,000 duine ann, agus 50 leaba le húsáid mar a leanas
 - 35 leaba do sheirbhísí ginearálta meabhairshláinte d'aoisigh, lena n-áirítear sé leaba le haghaidh grinnbhreathnóireachta
 - ocht leaba do sheirbhísí meabhairshláinte do dhaoine scothaosta (fo-aonad)
 - cúig leaba do sheirbhísí meabhairshláinte do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil orthu (fo-aonad)
 - dhá leaba do dhaoine a bhfuil neamhoird itheacháin orthu (d'fhéadfaí iad a chumas in aon aonad amháin in aghaidh an réigiúin, ina mbeadh sé leaba san iomlán).
- Ba cheart an t-aonad othar cónaitheach géarmhíochaine sin a lonnú san ospidéal 'Mór' nó 'Réigiúnach', agus suíomh na n-aonad atá ann cheana á chur san áireamh (is féidir é a sholáthar in dhá aonad ina mbeadh 25 leaba i ngach ceann acu).
- Áras géarchéime amháin in aghaidh gach 300,000 duine, le deich n-ionad ann.
- Ceithre aonad athshlánúcháin do dhianchúram — ceann amháin i ngach ceann de na ceithre réigiún de chuid FSS, agus 30 leaba i ngach ceann acu.
- Dhá áit chónaithe dianchúraim ardtacaíochta, ina bhfuil deich n-áit an ceann, i ngach réigiún de chuid FSS (ocht n-áit chónaithe san iomlán agus 80 áit iontu ar fud na tíre).
- Aonad amháin ina bhfuil 30 leaba in aghaidh gach 300,000 duine den daonra, le haghaidh cúram leanúnach nó iompar dúshlánach laistigh de sheirbhísí meabhairshláinte do dhaoine scothaosta.
- Deich leaba athshlánúcháin in ionaid chónaithe do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil orthu, arb ionaid chónaithe iad a bhfuil stádas ionaid cheadaithe acu.
- Céad leaba othar cónaitheach ar fud na tíre do dhaoine óga idir 0 bliain d'aois agus 18 mbliana d'aois, i gcúig aonad ina bhfuil 20 leaba an ceann.
- Aonad slán náisiúnta deich leaba do leanaí agus d'ógánaigh.
- Aonad slán náisiúnta deich leaba do dhaoine a bhfuil míchumas intleachtúil orthu.

Foinse: [Fís don Athrú: Tuarascáil an tsainghrúpa maidir le beartas meabhairshláinte](#) (2006)

Iarscríbhinn 27B Moltaí maidir le hacmhainn othar cónaitheach sa bheartas *Comhfhís* (2020)

Moladh ^a	Gníomhaíocht ^b	Stádas ^c (i mí na Bealtaine 2026)
38 Sna cásanna eisceachtúla nach bhfuil leapacha othar cónaitheach do leanaí agus d'ógánaigh ar fáil, ba cheart d'aonaid aosach a sholáthraíonn cúram do leanaí agus d'ógánaigh cloí le Cód Rialachais na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS).	A chinntiú go gcloítear go náisiúnta le Cód Rialachais CAMHS d'othair chónaitheacha.	Críochnaithe; aistrithe chuig gnáthchúrsaí gnó.
40 Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'fhoirne réitigh géarchéime sa bhaile chun freagairt mhalartach ar othar cónaitheach a chur isteach san ospidéal a thairiscint, nuair is cuí.	Foirne réitigh géarchéime a oibríonn sa bhaile a fhorbairt agus a acmhainniú.	Idir lámha.
41 Ba cheart treoirlíne oibriúcháin chaighdeánach a fhorbairt lena chinntiú go bhfeidhmeoidh ospidéal lae, a bhfuil dóthain foirne iontu, chomh héifeachtach agus is féidir mar chuid den leanúnachas cúraim agus mar rogha eile ar othar cónaitheach a chur isteach san ospidéal.	a) Treoirlíne oibriúcháin chaighdeánach a fhorbairt agus a fhoilsiú. b) Foireann bhreise a sholáthar in ospidéal lae.	Idir lámha.
45 Ba cheart do FSS sonraí a bhailiú maidir le líon agus próifíl na gcásanna ina gcuirtear moill ar scaoileadh othar ó aonaid ghéarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha, agus freagairtí a bhfuil maoiniú cuí ag gabháil leo a fhorbairt.	a) Sonraí a bhailiú maidir le líon agus próifíl an scaoilte mhoillithe in aonaid ghéarmhíochaine meabhairshláinte d'othair chónaitheacha. b) Freagairtí cuí a fhorbairt maidir le maoiniú agus seirbhísí chun moilleanna ar scaoileadh othar a íoslaghdú.	Idir lámha.

Moladh ^a	Gníomhaíocht ^b	Stádas ^c (i mí na Bealtaine 2026)
46 Ba cheart grúpa saineolaithe a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar sholáthar leapacha d'othair chónaitheacha a bhfuil géarchúram ag teastáil uathu (in ionaid cheadaithe) (lena n-áirítear aonaid dianchúraim shíciatraigh) agus chun moltaí a dhéanamh maidir le hacmhainn a léiríonn samhlacha cúraim atá ag teacht chun cinn, acmhainní leapacha atá ann cheana agus athruithe déimeagrafacha sa todhchaí, agus na moltaí sin a bheith ailínithe le Sláintecare.	Grúpa saineolaithe a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid leapacha d'othair chónaitheacha a bhfuil géarchúram ag teastáil uathu (in ionaid cheadaithe) agus chun moltaí a fhorbairt.	Críochnaithe; aistrithe chuig gnáthchúrsaí gnó. Foilsíodh tuarascáil ar acmhainn leapacha géarmhíochaine ina leagtar béim ar roinnt moltaí.
47 Ba cheart líon leordhóthanach aonad dianchúraim shíciatraigh a fhorbairt, mar aon le prótacail chuí maidir le hatreorú agus scaoileadh, chun freastal ar réigiúin den tír a bhfuil rochtain teoranta acu ar an gcineál sin seirbhíse.	a) Aonaid dianchúraim shíciatraigh a fhorbairt chun freastal ar an riachtanas sainaitheanta. b) Prótacail nuashonraithe a chomhaontú maidir le hatreorú agus le scaoileadh.	Idir lámha.
50 Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorbairt líonra náisiúnta d'fhoirne meabhairshláinte agus míchumais intleachtúil agus de leapacha cóireála géarmhíochaine do dhaoine de gach aois a bhfuil míchumas intleachtúil orthu.	Líonra náisiúnta d'fhoirne meabhairshláinte agus míchumais intleachtúil agus de leapacha cóireála géarmhíochaine a fhorbairt.	Idir lámha. Tá deacrachtaí áirithe i roinnt limistéar maidir le hearcú.
53 Ba cheart leanúint de chur chun feidhme agus meastóireacht chéimnithe ar na cláir chliniciúla náisiúnta mheabhairshláinte lena n-aghaidh seo: (a) neamhoird itheacháin, (b) aosaigh a bhfuil NEAH orthu, agus (c) an tsamhail chúraim do shainseirbhísí meabhairshláinte imbhreithe.	a) Forbairt/athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna cur chun feidhme do na cláir chliniciúla sin/don tsamhail chúraim sin. b) Tabhairt faoi chur chun feidhme agus acmhainniú céimnithe clár cliniúil a bhaineann le neamhoird itheacháin, le haosaigh a bhfuil NEAH orthu, agus le sainseirbhísí meabhairshláinte imbhreithe. c) Tabhairt faoi staidéar meastóireachta ar shuíomhanna taispeána iomchuí.	Tugadh faoi deara fadhb bheag maidir leis an gclár cliniúil náisiúnta meabhairshláinte d'aosaigh a bhfuil NEAH orthu — baineann sí leis an líon ard atá atreuithe agus teorainneacha le hacmhainn na seirbhíse.

Moladh ^a	Gníomhaíocht ^b	Stádas ^c (i mí na Bealtaine 2026)
56 Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorbairt tuilleadh aonad athshlánúcháin dianchúraim (ICRUNna) tar éis meastóireacht rathúil a dhéanamh ar oibriú an ICRU nua ar champas Port Reachrann.	a) Meastóireacht agus athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an ICRU ar champas Phort Reachrann. b) Plean náisiúnta a fhorbairt chun ICRUnna a fhorbairt. c) Tabhairt faoi chur chun feidhme céimnithe an phlean náisiúnta forbartha ICRUnna.	Tugadh faoi deara fadhb bheag maidir leis an soláthar — baineann sí le dúshlán earcaíochta agus nach n-íocann an maoiniú atá ann faoi láthair ach as cuid de ICRU Phort Reachrann a oscailt.
98 Ba cheart infheistíocht chaipitil a chur ar fáil chun aonaid shíciatracha in ospidéal ghéarmhíochaine a athdhearadh nó a thógáil, arb aonaid iad a chruthaíonn timpeallacht theiripeach a chothaíonn téarnamh. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh gach páirtí leasmhar rannpháirteach i bpróiseas struchtúrtha deartha seirbhíse i gcás gach athdhearadh nó gach tógála nua.	a) Infheistíocht a dhéanamh in athdhearadh agus/nó tógáil aonad síciatrach in ospidéal ghéarchúraim ar bhonn comhpháirteach. b) Suíomhanna cuí chun seirbhís meabhairshláinte a sholáthar a áireamh i ngach forbairt foirgneamh nua cúraim phríomhúil sa todhchaí.	Tugadh faoi deara fadhb bheag maidir leis an seachadadh — baineann sí le moilleanna tosaigh a tharla agus faisnéis á fáil ó réigiúin sláinte FSS maidir leis an mbonneagar atá ann cheana.

Foinse: A Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Coiste Náisiúnta Feidhmithe agus Monatóireachta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

- a Tagann na moltaí ó [Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách](#) (2020).
- b Tagann na gníomhartha ó [phlean cur chun feidhme Comhfhís 2025 – 2027](#).
- c Tagann na nuashonruithe stádais ón [tuarascáil ar dhul chun cinn chur chun feidhme an bheartais do mhí na Bealtaine 2026](#).

larscríbhinn 27C Foirne meabhairshláinte pobail, de réir réigiúin

Foirne seirbhísí meabhairshláinte	Baile Átha Cliath agus an tOirthuaisceart	Baile Átha Cliath agus Lár Tíre	Baile Átha Cliath agus an tOirdheisceart	An tIardheisceart	An tIarthar Láir	An tIarthar agus an tIardheisceart
Daonra (milliún)	1.19	1.04	1.01	0.74	0.41	0.76
Seirbhísí d'aois		Líon na bhfoirne				
Meabhairshláinte ginearálta d'aois	28	20	21	19	11	18
Síciatracht do thréimhse dhéanach an tsaoil	6	5	8	5	3	8
Seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine scothaosta (idirchaidreamh)	2	1	1	—	—	1
Neamhord iteacháin aosach	2	—	2	1	—	1
Aois a bhfuil míchumas intleachtúil orthu	5 ^a	6	3	2	—	5
Aois a bhfuil NEAH orthu	1	2	1	2	1	1
Luath-idirghabháil i gcás aois a bhfuil síocóis orthu	1	—	1	2	—	1
Déadhiagnóis	1	1	—	1	1	—
Sainseirbhís imbhreithe ^b	1	1	1	1	1	1
Seirbhísí do leanaí						
Meabhairshláinte leanaí agus ógánach	19	17	15	11	7	12
Neamhord iteacháin CAMHS	1	1	1	1	—	1
Leanaí agus ógánaigh a bhfuil míchumas intleachtúil orthu	3	3	1	1	—	2
Luath-idirghabháil i gcásanna síocóis CAMHS	—	—	1	—	—	—

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear leis foireann othar cónaitheach i bPort Reachrann.

b Tá seirbhísí imbhreithe lonnaithe in Ospidéal an Rotunda, in Ospidéal an Choim, san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, in Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus in Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe, chomh maith le 13 ionad breise dhiláraithe (aonaid mháithreachais réigiúnacha bheaga) ar fud na tíre.